2025/260

11.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/260 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Feabhra 2025

lena gcuirtear allmhairí alúmana comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Samhain 2024, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí alúmana comhleáite isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir Imerys S.A. isteach an 9 Deireadh Fómhair 2024 thar cheann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán alúmana comhleáite an Aontais acu.

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚ

(3) Is éard atá sa táirge atá faoi réir clárú ('an táirge lena mbaineann') corandam saorga, bíodh sé sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh, ar a dtugtar alúmana comhleáite freisin, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 2818 10 11, 2818 10 19, ex 2818 10 91, agus 2818 10 99 (cóid TARIC 2818 10 91 20, 2818 10 91 90) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid CC, AC agus TARIC agus gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin.

(4) Corandam saorga atá aicmithe faoi láthair faoi chód TARIC 2818 10 91 30 (i.e. corandam sintéaraithe ina bhfuil struchtúr micreachriostalach, ina bhfuil ocsaíd alúmanaim (CAS RN 1344-28-1) agus alúmanáit mhaignéisiam (CAS RN 12068-51-8) ina bhfuil cion 92 % nó níos mó, ach nach mó ná 94 %, d'ocsaíd alúmanaim de réir meáchain (arna ríomh mar ocsaídí), agus cion 7 % (± 1 %) d'ocsaíd mhaignéisiam, ní cuid den táirge lena mbaineann é, áfach. Ní cuid den táirge lena mbaineann ach oiread iad meascáin mheicniúla de chorandam saorga agus substaintí eile, atá aicmithe faoi cheannteideal 3824 faoi láthair.

2. CLÁRÚ

(5) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a ghearradh go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.

(6) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(7) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(8) De réir na líomhaintí sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála idir 97 % agus 215 % agus leibhéal díothaithe díobhála idir 100 % agus 200 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle den dá leibhéal sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2024/7049, 21.11.2024, ELI: https://data.europa.eu/eli/C/2024/7049/oj.

(9) Más rud é go dtagann an Coimisiún ar fhianaise le linn an imscrúdaithe gur ann do shaobhadh ar amhábhair de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán má chinntear nár leor dleacht faoi bhun an chorrlaigh dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(10) Ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir a bheith ag súil leis an leibhéal iarbhír dliteanais a bhunófar mar thoradh ar an imscrúdú a bheith bunaithe orthu.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(11) Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí alúmana comhleáite, isteach san Aontas a chlárú, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 2818 10 11, 2818 10 19, ex 2818 10 91, agus 2818 10 99 (cóid TARIC 2818 10 91 20, 2818 10 91 90), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Allmhairí corandam saorga atá aicmithe faoi láthair faoi chód TARIC 2818 10 91 30 (i.e. corandam sintéaraithe ina bhfuil struchtúr micreachriostalach, ina bhfuil ocsaíd alúmanaim (CAS RN 1344-28-1) agus alúmanáit mhaignéisiam (CAS RN 12068-51-8) ina bhfuil cion 92 % nó níos mó, ach nach mó ná 94 %, d'ocsaíd alúmanaim de réir meáchain (arna ríomh mar ocsaídí), agus cion 7 % (± 1 %) d'ocsaíd mhaignéisiam, níl siad faoi réir a gcláraithe, áfach. Allmhairí meascáin mheicniúla de chorandam saorga agus substaintí eile, atá aicmithe faoi cheannteideal 3824 faoi láthair, níl siad faoi réir a gcláraithe ach oiread.

3. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).